Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Fios Foghlama

## Cor Poist ón nGaelAonad bunscoile do Mheán Fómhair 2025

A chairde,
Is cúis áthais d'Fhoireann na Gaeilge (Bunscoile) an chéad chor poist don scoilbhliain 2025/26 a roinnt leat. Tá súil againn gur bhain tú sult as an samhradh agus go bhfuil tú ag tnúth leis an scoilbhliain nua atá amach romhat.

Ó Fhoireann Bhunscoile an GhaelAonaid

## Eispéireas Foghlama Gairmiúla na Míosa

Beidh ár gcéad eispéireas foghlama gairmiúla ar an 9ú agus 16ú Meán Fómhair
Is féidir clárú ag-https://oide.ie/ga/muinteoiri/

Oide
Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí
Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

## Gaeilge mar Theanga Bhreise

Tá sé mar aidhm ag an dá cheardlann seo tacaíocht a thabhairt do cheannairí scoile agus múinteoirí atá i suíomhanna tumoideachais (scoileanna Gaeltachta agus Gaelscoileanna) agus atá ag plé le foghlaimeoirí na Gaeilge mar Theanga Bhreise (GTB).

Mar thoradh ar an bplé agus machnamh, gheobhaidh na rannpháirtithe deiseanna:

- an tábhacht a bhaineann le comhoibriú idir gach ball foirne scoile chun timpeallacht foghlama chuimsitheach a chothú
- timpeallacht ranga ina gcuirtear luach agus béim ar chumarsáid le cuimsiú gach foghlaimeora agus le forbairt a stór teanga trasna teangacha éagsúla a chíoradh.
- tuiscint a fháil ar chultúr scoile cuimsitheach mar scoil a thugann deiseanna d'fhoghlaimeoirí GTB a dteanga dhúchais a úsáid nuair is féidir

## Sonraí Tábhachtacha

| | |
|---|---|
| Dátaí | 09ú agus 16ú Meán Fómhair 2025 |
| Am: | 17:30 - 19:00 |
| Suíomh: | Ar líne |

Is féidir cliceáil ar an nasc seo le clárú a dhéanamh:
https://oide.ie/ga/muinteoiri/

## Acmhainn na Míosa




### Ceacht Líníochta

Mise agus mo Chairde

Spreag na páistí chun na cluichí clóis a thaitníonn leo a phlé lena gcairde. Ansin, roghnaíonn na páistí cluiche amháin mar ábhar dá líníocht. Tuilleadh eolais ar fáil ar Líníocht - I am an Artist

### Ceacht Péinte agus Dathanna

Lá Breá Gréine sa Gháirdín

Iarr ar na páistí cur síos a dhéanamh ar céard a fheiceann siad sa gháirdín ar lá breá gréine?
Tuilleadh eolais ar fáil ar
Péint agus Dath - I am an Artist

## Féile na Míosa: Féile na bPuiteachaí




Tá séasúr na sméara dubha (nó na 'Puiteacha'!) linn!
Beidh Féile na bPuiteachaí ar siúl ar Inis Meáin Satharn an 20ú Meán Fómhair 2025. Is céiliúreadh í an fhéile ar an oidhreacht agus an chultúr a bhaineann le torthaí an fhomhair ar an oileán.

**Seo tuairisc le Nuacht Cúla4 ar an bhféile seo.**
https://youtu.be/W1qgaI9q6kY



## Podchraoladh na Míosa







Ar an gclár seo, pléann Gráinne Ní Ghriallais (Ceannaire Foghlama Gairmiúla le hOide) agus Tríona Nic Fhinn (Oifigeach ETIM) Curaclam Matamaitice na Bunscoile (2023). Labhraíonn siad faoi na chéad chéimeanna atá tógtha acu le dul i ngleic leis an gcuraclam athfhorbartha seo agus faoina dtaithí leis go dtí seo. Éist leo agus iad ag plé faoi na nithe a d'éirigh go maith dóibh, i dteannta leis na dúshláin bhreise a bhíonn ann uaireanta sa chomhthéacs Gaeilge.
Éist anseo-http://bit.ly/45UBPLP

## Amhráin na Míosa




**Ní Maith Liom an Scoil**
**le Tadhg Mac Dhonnagáin**
**https://www.youtube.com/watch?v=pnAWZle-6Ss**

**Déan teagmháil linn ar eolas@oide.ie. agus leanaigí sinn ar @OidePrimGaeilge**